



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011


STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A.



[Thall

PICTIÚR B.



PICTIÚR C.

FÓGRA Ó NA PÓILÍNÍ

£1000 DE DHUAIS

TÓIR AIR MAR GHEALL AR DHÚNMHARÚ IN ÉIRINN

DANIEL BREEN

(Ceannasaí ar an Tríú Briogáid Thiobraid Árann,
mar a thugann sé air féin)

Aois 27, 5 throigh 7 n-ndlach in airde, craiceann síondaite,
gruaig dhhorcha (fada chun tosaigh), súile liatha, srón ghearr
gheancach, déanta go daingean, thart ar 12 chloch meachán,
glanbhearrtha, cuma shotalach cheanndána air, cosúil le gabha
ar a bhealach ón obair, caitheann sé a chaipín go híseal ar a
éadán.

Íocfaidh Údarás na hÉireann an duais thuslauite chuig aon duine, nach ón
tSeirbhís Phoiblí é, a thugann eolas dóibh a bheas a ghábhlí mar thoradh air.
Tabhair do chuid eolais ag aon cheann de na Stáisiún Phóilíní.

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1

Bunaithe ar Dhaonáireamh 1911.

Sloinne	Túsainm	Aois	Gaol le ceann an Teaghlaigh	Reiligiún	Gairm	Litearthacht	Gaeilge
De Búrca	Seán	72	Ceann an Teaghlaigh	Caitliceach Rómhánach	Feirmeoir	Gan a bheith ábalta léamh ná scríobh	Gaeilge agus Béarla
De Búrca	Nora	62	Bean chéile	Caitliceach Rómhánach		Ábalta léamh amháin	Gaeilge agus Béarla
De Búrca	Pádraic	30	Mac	Caitliceach Rómhánach	Mac Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla
De Búrca	Micheál	27	Mac	Caitliceach Rómhánach	Mac Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla
De Búrca	Seán	25	Mac	Caitliceach Rómhánach	Mac Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla
De Búrca	Stiofán	20	Mac	Caitliceach Rómhánach	Mac Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla
De Búrca	Máire	28	Iníon	Caitliceach Rómhánach	Iníon Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla
De Búrca	Sorcha	24	Iníon	Caitliceach Rómhánach	Iníon Feirmeora	Ábalta léamh agus scríobh	Béarla

DOICIMÉAD 2

“Bhí comhrac aonair agam le hOifigeach Faisnéise Briotanach, darbh ainm an Captaen Brown. Níorbh aon dóithín Brown. Tharla sé díreach taobh amuigh de Chill Mocheallóg. Bhí carr á thiomáint agam. ... Ceann de na bóithríní ar a mbímis ag taistéal de ghnáth a bhí ann, agus díreach nuair a bhí mé ag teacht suas chuig an acomhal idir an bóithrín agus an bóthar mór, bhí Brown ag dul thar cheann an bhóithrín agus bhí seisean freisin ag tiomáint cairr. Lean mé orm agus amach liom ar an mbóthar.... Bhí aithne agam air agus aigesean orm... Stop mise agus stop seisean freisin. ...scaoil seisean ar dtús. Scaoileamar trí nó ceithre urchar le chéile gan aon éifeacht. Bhíomar seasca nó seachtó slat óna chéile, agus ní raibh aon chinnteacht go mbuailfeá duine le hurchar piostail an fhad sin uait. Bhí an t-inneall ar siúl agam an t-am ar fad, agus chúlaigh mé an carr... chun teacht beagán níos gaire dó. Bhí mo cheann thíos agam agus mé ag scaoileadh corrurchar leis de réir mar a bhí mé ag gluaiseacht. Theip ar a mhisneach agus muid ag teacht níos gaire dá chéile. Bhí níos mó ná ceann de mo chuid piléar i ndiaidh gaothscáth a chairr a bhualadh agus bhí cún an chairr buailte ag cinn eile.....Ghread sé leis ar deireadh.”

Sliocht as Ryan, A., *Comrades: Inside the War of Independence* (Liberties Press, Baile Átha Cliath 2007), lch.72.